BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

23 Eanáir 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Cleachtais trádála éagóracha – Treoir 2005/29/CE – Airteagal 7 – Easnaimh mhíthreoracha – Cuireadh chun ceannaigh – Faisnéis ábhartha – Faisnéis atá le soláthar don tomhaltóir maidir leis an gcaoi a ríomhtar an praghas – Tairiscint ar líne chun leictreachas a sholáthar – Ionsamhlóir taraife – Léiriú ar mhéadú céatadáin ar an bpraghas do thomhaltóirí)

I gCás C-518/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Bundesgerichtshof (an Chúirt Chónaidhme Bhreithiúnais, an Ghearmáin), trí bhreith an 27 Iúil 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 10 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e.V.

v

NEW Niederrhein Energie und Wasser GmbH,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í cómhdhéanta mar seo a leanas: T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Séú Dlísheomra, A. Kumin (Rapóirtéir) agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann iad seo a leanas:

– Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e.V., ag P. Wassermann, Rechtsanwalt,

– NEW Niederrhein Energie und Wasser GmbH, ag T. Höch, Rechtsanwalt,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Kienapfel, P. Ondrůšek agus I. Rubene, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 7(1) agus (4)(c) de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagóracha') (IO 2005 L 149, lch. 22).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e.V. (Aontas Cónaidhme na nEagraíochtaí agus na gComhlachas Tomhaltóirí, an Ghearmáin) ('an tAontas Cónaidhme') agus NEW Niederrhein Energie und Wasser GmbH faoi fhógraíocht mhíthreorach líomhnaithe le haghaidh tairiscint ar sholáthar leictreachais.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 6, 7, 14 agus 18 de Threoir 2005/29:

'(6) Leis an Treoir seo, mar sin, déantar comhfhogasú ar dhlíthe na mBallstát maidir le cleachtais tráchtála éagóracha, lena n-áirítear fógraíocht éagórach, cleachtais a dhéanann díobháil go díreach do leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí agus ar an mbealach sin a dhéanann díobháil do leasanna eacnamaíocha iomaitheoirí dlisteanacha. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, cosnaítear tomhaltóirí leis an Treoir seo ar iarmhairtí cleachtas éagórach den sórt sin i gcás inarb ábhartha iad, ach aithnítear gur féidir na hiarmhairtí do thomhaltóirí a bheith fíorbheag i gcásanna áirithe [...]

(7) Dírítear sa Treoir seo ar chleachtais tráchtála a bhfuil baint dhíreach acu le tionchar a imirt ar chinntí idirbhirt tomhaltóirí i leith earraí. [...]

[...]

(14) Is inmhianaithe go gcumhdódh cleachtais tráchtála mhíthreoracha na cleachtais sin, lena n-áirítear fógraíocht mhíthreorach, a chuireann cosc ar an tomhaltóir rogha eolach agus éifeachtúil a dhéanamh, trí dhallamullóg a chur air. I gcomhréir le dlíthe agus cleachtais na mBallstát i leith na fógraíochta míthreoraí, déantar leis an Treoir seo cleachtais mhíthreoracha a aicmiú mar bhearta míthreoracha agus easnaimh mhíthreoracha. I dtaobh na n-easnamh, leagtar amach sa Treoir líon teoranta príomh-mhíreanna eolais a theastaíonn ón tomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh. Ní bheidh sé riachtanach an fhaisnéis sin a nochtadh i ngach fógra, is i bhfógraí ina bhfuil an trádálaí ag tabhairt cuireadh chun ceannaigh, agus sna fógraí sin amháin, a bheidh sé riachtanach, agus

coincheap é sin atá sainithe go soiléir sa Treoir seo. Ní chuireann cur chuige an chomhchuibhithe iomláin a ghlactar sa Treoir seo cosc ar na Ballstáit príomhthréithe earraí áirithe, earraí inbhailithe nó earraí leictreacha mar shampla, a shonrú sa dlí náisiúnta dá mbeadh easnamh an eolais sin ábhartha nuair a dhéanfaí cuireadh chun ceannaigh [...]

[...]

(18) Is cuí gach tomhaltóir a chosaint ar chleachtais tráchtála éagóracha. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, gur gá agus breithniú á dhéanamh i leith cásanna fógraíochta [...] iniúchadh a dhéanamh ar an éifeacht ar ghnáth-thomhaltóir barúlach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach na gcosaintí inti a chinntiú, glacann an Treoir seo mar thagarmharc an mheántomhaltóra, atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cúramach, agus cúinsí sóisialta, cultúrtha agus teanga, mar atá léirithe ag an gCúirt, á gcur san áireamh, ach tá forálacha ann freisin atá dírithe ar chosc a chur leis an teacht i dtír ar thomhaltóirí a fhágann a dtréithe go mbaineann leochaileacht ar leith leo maidir le cleachtais tráchtála éagóracha [...] Ní tástáil staitistiúil é tástáil an mheántomhaltóra. Beidh ar chúirteanna agus údaráis náisiúnta a gcumas breithiúnais féin a fheidhmiú, ag féachaint do chásdlí na Cúirte Breithiúnais, chun gnáthfhreagairt an mheántomhaltóra i gcás ar leith a mheas.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin an méid seo a leanas:

'Chun críocha na Treorach seo:

[...]

d) ciallaíonn 'cleachtais tráchtála idir gnólachtaí agus tomhaltóirí' [...] aon ghníomh, neamhghníomh, iompraíocht, léiriú nó cumarsáid tráchtála lena n-áirítear fógraíocht agus margaíocht, a dhéanfaidh trádálaí, ag a bhfuil ceangal díreach le cur chun cinn, díol nó soláthar earra do thomhaltóirí;

[...]

i) ciallaíonn "cuireadh chun ceannaigh" cumarsáid tráchtála lena dtugtar le fios na gnéithe agus an praghas d'earra ar bhealach a oireann don mhodh cumarsáide tráchtála a úsáidtear agus lena gcuirtear an tomhaltóir ar a chumas ceannachán a dhéanamh;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 7 den Treoir sin:

'1. Measfar go bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach más rud é, ina chomhthéacs fíorasach agus aird á tabhairt ar na gnéithe agus na cúinsí uile a ghabhann leis agus ar theorainneacha an mhodha cumarsáide, go bhfuil faisnéis ábhartha a theastaíonn ón meántomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh in easnamh agus, ar an dóigh sin, go bhfágann sé, nó gur dócha go bhfágfadh sé, go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

2. Ina theannta sin, measfar gur easnamh míthreorach é nuair a dhéanann trádálaí, agus na gnéithe ar a bhfuil tuairisc i mír 1 á gcur san áireamh, an fhaisnéis ábhartha sin dá dtagraítear sa mhír sin a cheilt nó a sholáthar ar bhealach doiléir, dothuigthe, débhríoch, nó míthráthúil nó nuair nach dtugann sé le fios rún tráchtála an chleachtais tráchtála murar léir cheana é ón gcomhthéacs, agus más rud é, i gceachtar de na cásanna sin, go bhfágann sé, nó gur dócha go bhfágfadh sé, go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

3. I gcás ina bhfuil teorainneacha spáis nó ama ann mar gheall ar an meán a úsáidtear chun an cleachtas tráchtála a chur in iúl, tógfar san áireamh na teorainneacha sin agus aon ghníomh a rinne an trádálaí chun an fhaisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealaí eile, tráth a ndéanfar an cinneadh ar fágadh faisnéis ar lár.

4. I gcás cuireadh chun ceannaigh, measfar go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas ábhartha, murar léir cheana í ón gcomhthéacs:

[...]

c) an praghas agus cánacha san áireamh, nó mura féidir an praghas a ríomh go réasúnta roimh ré mar gheall ar nádúr an earra, an bealach ina ndéantar an praghas a ríomh, agus, más iomchuí, gach muirear breise lastais, seachadta nó postais nó, mura féidir na muirir sin a ríomh go réasúnta roimh ré, an fhíric go bhféadfadh go mbeadh na muirir bhreise sin le híoc;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Gearmáine

6 Tá sé beartaithe leis an Gesetz gegen den unlauteren Wettbewerb (an Dlí i gcoinne na hiomaíochta éagóraí) an 3 Iúil 2004 (BGBI. 2010 I, lch. 254), sa leagan is infheidhme an 28 Bealtaine 2022, atá infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('UWG'), Treoir 2005/29 a thrasuí i ndlí na Gearmáine.

7 De réir Airteagal 5(1) agus (3) de UWG:

'1. Gníomhaíonn duine go héagórach freisin trí thomhaltóir nó rannpháirtí eile sa mhargadh a mhíthreorú trí fhaisnéis ábhartha a fhágáil ar lár

1. a theastaíonn ón tomhaltóir nó rannpháirtí eile sa mhargadh ar bhonn na n-imthosca lena mbaineann chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh, agus

2. nuair is dócha go mbeidh an fhágáil ar lár sin ina chúis leis an tomhaltóir nó rannpháirtí eile sa mhargadh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

[...]

3. Ba cheart go gcuirfí san áireamh, chun a mheas ar fágadh faisnéis ábhartha ar lár:

1. teorainneacha ar spás agus am mar gheall ar mhodhanna cumarsáide a roghnaítear le haghaidh cleachtas tráchtála agus

2. gach beart a dhéanfaidh an trádálaí chun an fhaisnéis a chur ar fáil don tomhaltóir nó rannpháirtí eile sa mhargadh trí mhodhanna eile seachas an modh cumarsáide a roghnaítear le haghaidh cleachtas tráchtála.'

8 Tugtar an méid seo a leanas le fios in Airteagal 5b(1), de UWG:

'Má chuirtear earraí nó seirbhísí ar fáil le léiriú ar a dtréithe agus a bpraghas ar bhealach iomchuí i bhfianaise an mhodha cumarsáide a úsáidtear sa chaoi go bhféadfaidh an meántomhaltóir an idirbheart a chur i gcrích, meastar go bhfuil an fhaisnéis a leanas ábhartha mar sin de réir bhrí Airteagal 5a(1) sa mhéid nach léir iad go díreach ón gcomhthéacs:

[...]

3. an praghas iomlán nó, i gcás a fhágann cineál an earra nó seirbhís nach féidir an praghas a ríomh roimh ré, leis an gcaoi a ndéantar an praghas a ríomh, agus, más infheidhme, na costais iompair, seachadta agus poist bhreise uile nó, nuair nach féidir na praghsanna sin a ríomh roimh ré, an fhaisnéis gur féidir leis na costais sin a bheith le híoc ag an tomhaltóir.

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

9 Soláthraíonn NEW Niederrhein Energie und Wasser, a oibríonn ar fud na Gearmáine, leictreachas, *inter alia*, do chustaiméirí a bhfuil córas téimh stórála leictreachais acu ('leictreachas a úsáidtear chun críoch téimh'). Dá bhrí sin, díolann an chuideachta sin leis na cliaint sin, go háirithe, leictreachas a ghearrtar ar ráta laghdaithe le linn na 'n-uaireanta seachbhuaice' a chomhfhreagraíonn do thréimhse oíche agus atá beartaithe chun an córas sin a sholáthar.

10 Is léir ón ordú tarchuir go bhféadfar tomhaltas leictreachais na gcliaint sin a úsáidtear chun críoch téimh agus leictreachais a úsáidtear chun críocha eile a chur san áireamh ar leithligh nó go comhpháirteach. I gcás comhchuntasaíochta, úsáidfear méadar détharaife ina mbeidh beirt léitheoirí ag taifead tomhaltas leictreachais, ceann amháin ag an ráta laghdaithe d'uaireanta seachbhuaice agus an ceann eile ag an ráta iomlán a cuireadh i bhfeidhm le linn uaireanta eile an lae.

11 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfaidh cliaint leictreachas a úsáidtear chun críoch eile a thomhailt, le linn uaireanta chur i bhfeidhm na taraife laghdaithe, sa bhreis ar leictreachas a úsáidtear chun críoch téimh, ós rud é nach féidir an tomhaltas deiridh sin a thaifeadadh ar leithligh. Sa chás sin, forchuireann bainisteoirí agus oibreoirí córais dáileacháin leictreachais áirithe méid 'cúitimh' ('méid an chúitimh') ar sholáthróirí leictreachais, cainníocht a chomhfhreagraíonn do bhilleáil ag an gcuid ard-tharaife den tomhaltas leictreachais arna thomhas ag an taraif íseal ar bhonn ráta comhréidh.

12 Ar a shuíomh gréasáin, www.new-energie.de, cuireann NEW Niederrhein Energie und Wasser, a ghearrann méid cúitimh arna shocrú ag oibreoirí córais dáileacháin leictreachais ar a chliaint, ionsamhlóir taraife leictreachais ar fáil don phobal. Féadfaidh daoine a úsáideann leictreachas chun críoch téimh agus a bhfuil méadar détharaife acu úsáid a bhaint as an ionsamhlóir freisin. Chuige sin, ní mór do pháirtithe leasmhara a gcóid phoist agus na cainníochtaí leictreachais atá tomhailte acu nó a fhreagraíonn dá riachtanais faoin taraif laghdaithe agus faoin taraif iomlán faoi seach a chur isteach. Ansin gineann an t-ionsamhlóir sin tairiscint taraife ar féidir leo glacadh leis agus dá bhrí sin conradh soláthair leictreachais a chur i gcrích le NEW Niederrhein Energie und Wasser.

13 Dar leis an Aontas Cónaidhme, is sárú é an easpa léirithe, agus an t-ionsamhlóir sin á úsáid, ar mhéid an chúitimh a tugadh don tomhaltóir lena mbaineann ar an toirmeasc ar easnamh míthreorach agus, dá bhrí sin, ar UWG. Tá an praghas deiridh a thaispeánann an t-ionsamhlóir taraife níos ísle ná an praghas iarbhír, ós rud é nach gcuireann sé an céatadán a úsáidtear le haghaidh mhéid an chúitimh san áireamh.

14 D'iarr an tAontas Cónaidhme ar chúirteanna inniúla na Gearmáine, ag an gcéad chéim agus ar achomharc araon, a ordú do NEW Niederrhein Energie und Wasser scor, *inter alia*, d'fhógraíocht a dhéanamh maidir le soláthar leictreachais a úsáidtear chun críoch téimh gan an tomhaltóir a chur ar an eolas go sainráite, i gcomhthéacs an phróisis chonarthaigh agus, go sonrach, maidir le modh billeála an leictreachais sin, faoin gcéatadán a úsáidtear i leith mhéid an chúitimh agus a chuirtear i bhfeidhm i gcás comhchuntasaíocht ar thomhaltas an leictreachais sin agus an céatadán a úsáidtear chun críoch eile, trí bhíthin méadar taraife dúbailte.

15 Tar éis do na cúirteanna sin na hiarratais sin a dhíbhe, rinne an tAontas Cónaidhme achomharc ar phointe dlí os comhair an Bundesgerichtshof (an Chúirt Chónaidhme Bhreithiúnais, an Ghearmáin), an chúirt a rinne an tarchur, agus d'athdhearbhaigh sé a iarratas ar scor den fhógraíocht sin.

16 Is léir ón ordú tarchuir go sonraítear le coinníollacha ginearálta díola an chosantóra sna príomhimeachtaí, nach mór don duine lena mbaineann a dhearbhú gur tháinig sé ar an eolas le linn an phróisis chun glacadh, ar an idirlíon, leis an tairiscint a bhaineann le soláthar leictreachais a úsáidtear, *inter alia*, chun críoch téimh, gurb é oibreoir an líonra áitiúil um dháileadh leictreachais a chinneann an tréimhse oíche agus an céatadán a roghnaíodh i leith mhéid an chúitimh. Luaitear ann freisin gur shocraigh an t-oibreoir líonra an t-údarú sin ag 25 % don limistéar geografach ina bhfuil oifig chláraithe an chosantóra sna príomhimeachtaí.

17 Measann an chúirt a rinne an tarchur gurb ionann fógraíocht tairisceana le haghaidh soláthar leictreachais a eascraíonn as an soláthróir a chuireann ionsamhlóir taraife ar fáil ar líne agus 'cuireadh chun ceannaigh' de réir bhrí reachtaíocht ábhartha na Gearmáine lena dtrasuítear, go háirithe, Airteagal 7(4) de Threoir 2005/29.

18 De réir na cúirte sin, ós rud é go bhfuil cinneadh tráchtála críochnaitheach an tomhaltóra, eadhon conradh soláthair leictreachais a thabhairt i gcrích, bunaithe ar thionscnamh an phróisis chonarthaigh, níl sé iomchuí go léireodh an cosantóir sna príomhimeachtaí ina choinníollacha ginearálta díolacháin an céatadán a roghnaíodh i leith mhéid an chúitimh is infheidhme chun a oibleagáid maidir le faisnéis a sholáthar a chomhlíonadh, go háirithe ó thaobh ama de. Go háirithe, ba cheart faisnéis faoin gcaoi a ríomhtar an praghas a ghearrtar a sholáthar i gcomhthéacs úsáid an ionsamhlóra, lena sonraítear an céatadán sonrach a choinnítear do mhéid an chúitimh is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann. Dá bhrí sin, nuair a chuirtear an

céatadán sin san áireamh agus déantar praghas an leictreachais a ríomh, cuirtear ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tairiscint an chosantóra sna príomhimeachtaí agus tairiscint soláthróirí eile.

19 Measann an chúirt sin nach mór seasamh leis an gcaingean le haghaidh urghaire arna tabhairt os a comhair ag an Aontas Cónaidhme dá gcinnfí nach mór an céatadán sonrach a úsáidtear do mhéid an chúitimh a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar ag an gcosantóir sna príomhimeachtaí, de bhun Airteagal 7(1) agus (4)(c) de Threoir 2005/29, maidir leis an mbealach a ríomhtar an praghas, ionas gur féidir leis an duine lena mbaineann, a bhfuil aithne aige ar a thomhaltas leictreachais, an praghas sin a ríomh go neamhspleách. Tá léiriú den sórt sin comhsheasmhach le cuspóir na Treorach sin, atá beartaithe chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, agus féadfar é a thuiscint ón gcomhthéacs rialála a bhfuil Airteagal 7(4)(c) de Threoir 2005/29 mar chuid de.

20 Measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil faisnéis den sórt sin de dhíth ar an tomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh, agus measann sí gur dócha go ndéanfadh sé cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin dá bhfágfaí an fhaisnéis ábhartha sin ar lár.

21 Ina theannta sin, sonraíonn an chúirt sin, cé gur mheas an chúirt achomhairc nach raibh an cosantóir sna príomhimeachtaí in ann faisnéis a sholáthar maidir leis an gcéatadán cruinn a bhaineann leis an méid cúitimh is infheidhme sa limistéar geografach a chumhdaítear le córas ar leith, a mhéid is annamh a fhoilsíonn oibreoirí córais dáileacháin leictreachais an fhaisnéis sin, níor chinn an chúirt sin, áfach, go raibh sé dodhéanta don chosantóir sna príomhimeachtaí an fhaisnéis sin a fháil ó na hoibreoirí sin.

22 É sin ráite, tugann an chúirt sin dá haire go bhféadfaí an nath ‘an bealach a ríomhtar an praghas’ in Airteagal 7(4)(c) de Threoir 2005/29 a léiriú freisin sa chaoi go bhféadfadh faisnéis ghinearálta don tomhaltóir maidir leis na gnéithe ábhartha de ríomh an phraghais a bheith leordhóthanach.

23 Sa chomhthéacs sin, chinn an Bundesgerichtshof (an Chúirt Chónaidhme Bhreithiúnais) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcaithfidh an fhaisnéis arna soláthar ag trádálaí de bhun Airteagal 7(1) agus (4)(c) de Threoir [2005/29] ar an gcaoi a gcaithfear an praghas a ríomh i gcóras praghsála a bhraitheann ar thomhaltas a fhágáil gur féidir leis an tomhaltóir, ar bhonn na faisnéise arna soláthar, an praghas a ríomh dó féin má tá a thomhaltas ar eolas aige?’

An cheist a tharchuirtear

24 I dtús báire, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil sé soiléir ón ordú tarchuir nach n-aontaíonn na páirtithe sa díospóid sna príomhimeachtaí ar cheart go mbeidh san ionsamhlóir taraife atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an tsoláthróra leictreachais, trínar féidir leis an tomhaltóir lena mbaineann an praghas míosúil a bheidh le híoc ar leictreachas a úsáidtear chun críoch téimh a ríomh, tásc a bhaineann leis an gcéatadán sonrach a bhaineann leis an méid cúitimh a chuir an soláthróir leictreachais ar an tomhaltóir sin, ionas go bhféadfadh an tomhaltóir, a bhfuil a thomhaltas leictreachas ar eolas aige, an praghas sin a ríomh go neamhspleách.

25 Sna himthosca sin, lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 7(1) agus (4)(c) de Threoir 2005/29 le léiriú sa chaoi, i gcomhthéacs fógra ar an Idirlíon le haghaidh soláthar leictreachais, nach mór céatadán sonrach an luacha saothair a bheith san eolas a bhaineann leis an mbealach a ríomhtar an praghas, amhail méid an chúitimh, arna chur i bhfeidhm ag an soláthróir leictreachais don tomhaltóir lena mbaineann, ionas gur féidir leis an tomhaltóir, nuair atá a thomhaltas leictreachais ar eolas aige, an praghas sin a ríomh go neamhspleách.

26 Ba cheart a mheabhrú nach gcumhdaítear ach cleachtas tráchtála a cháilítear roimhe mar ‘chuireadh chun ceannaigh’ le hAirteagal 7(4) de Threoir 2005/29, agus ag an am céanna, go bhfuil na cleachtais tráchtála uile, lena n-áirítear cuirí chun ceannaigh, faoi réir fhorálacha Airteagal 7(1) go (3) agus (5) den Treoir sin (breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Ving Sverige*, C-122/10, EU:C:2011:299, mír 24).

27 Ós rud é go measann an chúirt a rinne an tarchur gur ‘cuireadh chun ceannaigh’ í fógra le haghaidh soláthar leictreachais trí ionsamhlóir taraife a cuireadh ar fáil don tomhaltóir ar shuíomh gréasáin an tsoláthróra leictreachais de réir bhrí Airteagal 2(i) de Threoir 2005/29, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go sainmhínítear leis an bhforáil sin an coincheap sin mar ‘chumarsáid tráchtála a léiríonn tréithe an earra agus an phraghais ar bhealach a oireann don mhodh cumarsáide tráchtála atá á úsáid agus a chuireann, ar an dóigh sin, ar chumas an tomhaltóra ceannachán a dhéanamh’.

28 Ina theannta sin, shonraigh an Chúirt, mar chineál áirithe fógraíochta, go bhfuil cuireadh chun ceannaigh faoi réir oibleagáid threisithe faisnéise faoi Airteagal 7(4) de Threoir 2005/29 arna léamh i gcomhréir le haithris 14 den Treoir sin (féach breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Ving Sverige*, C-122/10, EU:C:2011:299, mír 28).

29 Dá bhrí sin, ní mór méid ábhartha faisnéise, a liostaítear in Airteagal 7(4) de Threoir 2005/29, a bheith i ngach cuireadh chun ceannaigh, fianaise a theastaíonn ón tomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh. Áirítear leis an bhfaisnéis sin, i gcomhréir le mír (c) den fhoráil sin, an praghas le cánacha san áireamh nó, nuair a fhágann cineál an earra nach ndearnadh an praghas a ríomh roimh ré go réasúnta, an chaoi a rinneadh an praghas a ríomh.

30 Leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 7(4)(c) de Threoir 2005/29, ar dtús, go mba cheart léiriú an phraghais deiridh agus an bealach a ríomhtar an praghas sin a idirdhealú agus, dá éis sin, gurb é cineál an earra lena chinntear an cúinse a mhéid nach féidir le trádálaí an praghas sin a ríomh go réasúnta roimh ré agus, ar deireadh, toisc nach féidir leis an trádálaí an praghas céanna sin a léiriú, nach mór dó na coinníollacha faoina ndéantar an praghas sin nó, is é sin le rá, an bealach a ríomhtar an praghas deiridh a léiriú.

31 Dá bhrí sin, sa chás nach ndearnadh praghas deiridh an tsoláthair leictreachais a ríomh go réasúnta roimh ré, ós rud é a d’fhéadfadh sé brath ar eilimintí áirithe, amhail, mar shampla, na costais le híoc ag soláthróir leictreachas, nach bhfuil aon neart ag an trádálaí ar na costais agus na himthosca sin ina leith nó, mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, cainníocht an leictreachais a thomhlaíonn an tomhaltóir iarbhír, tagann faisnéis faoi chur i bhfeidhm gné amhail méadú céatadáin ar mhéid an chúitimh, arna chur san áireamh ag an trádálaí sa phraghas deiridh, faoin ‘mbealach a rinneadh an praghas a ríomh’ de réir bhrí Airteagal 7(4)(c) de Threoir 2005/29 agus, dá réir sin, gurb fhaisnéis ábhartha í a theastaíonn ón tomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

32 Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Threoir 2005/29, measfar go bhfuil cuireadh chun cheannaigh, amhail an fógra lena mbaineann sna príomhimeachtaí, míthreorach más rud é go bhfuil faisnéis ábhartha a theastaíonn ón meántomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh in easnamh agus, ar an dóigh sin, go bhfágann sé, nó gur dócha go bhfágfadh sé, go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

33 Is é atá de thoradh ar an méid thuasluaite nach mór d'fhaisnéis ábhartha, amhail léiriú maidir le céatadán uasmharcála ábhartha a chur i bhfeidhm faoi mhéid an chúitimh, a bheith i gcuireadh chun ceannaigh amhail an cuireadh atá i gceist sna príomhimeachtaí, i gcás a theastaíonn ón meántomhaltóir, agus an comhthéacs á chur san áireamh, chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

34 Ag an am céanna, ní mór a thabhairt faoi deara, d'fhonn léiriú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2005/29, go bhfuil an coincheap 'tomhaltóir' ríthábhachtach. Glactar an meántomhaltóir sa Treoir seo mar thagarmharc, meántomhaltóir atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cúramach, agus cúinsí sóisialta, cultúrtha agus teanga (breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Ving Sverige*, C-122/10, EU:C:2011:299, mír 22).

35 Chomh maith leis sin, maidir le cineál míthreorach fógraíochta, ba cheart do na cúirteanna náisiúnta tuiscint an mheántomhaltóra atá réasúnta eolach, géarchúiseach agus cúramach a chur san áireamh (breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Ving Sverige*, C-122/10, EU:C:2011:299, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Ba cheart a lua freisin, mar a thuigtear ó aithris 18 de Threoir 2005/29, nach tástáil staitistiúil é tástáil an 'mheántomhaltóra' agus, chun gnáthfhreagairt an tomhaltóra i gcás áirithe a shocrú, ní mór do na cúirteanna agus na húdaráis náisiúnta brath ar a gcumas breithiúnais féin.

37 Agus an méid sin sainithe, ní fhorordaítear le foclaíocht Airteagal 7(4)(c) de Threoir 2005/29 ar thrádálaí an chaoi ar cheart an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na modhanna chun an praghas a ríomh.

38 Chomh maith leis sin, i bhfianaise chineál an earra lena mbaineann agus, go háirithe, coinníollacha táirgthe, soláthar nó úsáid deiridh an earra sin, ní fhéadfadh an trádálaí a bheith in ann comhpháirteanna uile an phraghais deiridh a dhiúscairt roimh ré ar bhealach beacht, sa chaoi do bhféadfaidh sé an bealach a ríomhtar an praghas deiridh a ghearradh ar an tomhaltóir ar bhealach inar féidir leis an duine lena mbaineann an ríomh sin a dhéanamh go neamhspleách.

39 Dá bhrí sin, ní chiallaíonn méid na faisnéise maidir leis an mbealach a ríomhtar an praghas nach mór don tomhaltóir a bheith in ann, ar bhonn na faisnéise sin, an praghas sin a ríomh go neamhspleách agus teacht ar fhigiúr cinntitheach ar an gcaoi sin.

40 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil aon cheanglas sonrach i dTreoir 2005/29 a bhaineann leis an leibhéal is gá faisnéis ábhartha a chur in iúl agus an chaoi gur chóir é sin a dhéanamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Feabhra 2017, *Carrefour Hypermarchés*, C-562/15, EU:C:2017:95, mír 37).

41 Mar sin, d'fhéadfadh faisnéis maidir leis an mbealach a rinneadh an praghas a ríomh de réir bhrí Airteagal 7(4)(c) den Treoir sin, a bheith i bhfoirm, mar shampla, raon céatadán nó céatadáin shonraigh atá coinníollach maidir lena chur i bhfeidhm, nó, ina mhalairt de chás, céatadán a socraíodh roimh ré mar aon leis an léiriú go bhféadfadh a leibhéal athrú le himeacht ama de dheasca eilimintí athraitheacha nach bhfuil aon neart ag an trádálaí orthu.

42 Tacaítear léiriú den sórt sin ar Airteagal 7(4)(c) de Threoir 2005/29 le hathbhreithniú a dhéanamh ar scéim ghinearálta Airteagal 7 den Treoir sin.

43 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, sa chéad áit, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Threoir 2005/29, go bhfuil easnamh míthreorach i gcuireadh chun ceannaigh, amhail an fhógraíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, go háirithe i gcás ina gceileann an trádálaí an fhaisnéis maidir leis an mbealach a ríomhtar an praghas nó ina soláthraíonn sé í ar bhealach doiléir, dothuigthe, débhríoch, nó míthráthúil agus i gcás, i gceachtar den dá chás, go bhfágann sé, nó gur dócha go bhfágfadh sé, go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

44 Ciallaíonn sé sin go gceanglaítear ar an trádálaí na heilimintí uile a chomhdhéanann ríomh an phraghais a léiriú. Ar an gcaoi chéanna, ní mór don trádálaí gach ceann de na heilimintí sin a chur in iúl ar bhealach ina mbeidh an meántomhaltóir in ann cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

45 Sa dara háit, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Threoir 2005/29, ní mór measúnú a dhéanamh ar chineál míthreorach an chleachtais tráchtála agus comhthéacs fíorúil an chleachtais sin, na tréithe uile den chleachtais agus teorainneacha an mhodha cumarsáide a úsáidtear, go háirithe, a chur san áireamh. Foráiltear le hAirteagal 7(3) den Treoir sin, go gcuirfear san áireamh, chun a mheasúnú ar fágadh faisnéis ar lár, teorainneacha spáis agus ama de na modhanna cumarsáide a úsáidtear chomh maith leis na beartaithe atá glactha ag an trádálaí chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil don tomhaltóir trí mhodhanna eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Ving Sverige*, C-122/10, EU:C:2011:299, míreanna 53 agus 54).

46 Leanann sé ó na forálacha sin nach mór measúnú a dhéanamh ar mhéid na faisnéise a bhaineann leis an mbealach a ríomhtar an praghas gur ghá le trádálaí a chur in iúl, mar chuid de chuireadh chun ceannaigh, ar bhonn, ach go háirithe, comhthéacs fíorasach an chuiridh sin agus an modh cumarsáide a úsáideadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Bealtaine 2011, *Ving Sverige*, C-122/10, EU:C:2011:299, mír 55, agus an 26 Deireadh Fómhair 2016, *Canal Digital Danmark*, C-611/14, EU:C:2016:800, mír 27).

47 Maíonn an chúirt a rinne an tarchur nach suítear nó nach léir an bhforchuirtear teorainneacha spáis nó ama leis an modh cumarsáide a úsáidtear le haghaidh an chleachtais tráchtála lena mbaineann, eadhon ionsamhlóir taraife atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an chosantóra sna príomhimeachtaí.

48 Ag an am céanna, chun méid na faisnéise a chinneadh gur faoin trádálaí atá sé a chur in iúl maidir leis an mbealach a ríomhtar an praghas, tá ar an gcúirt a rinne an tarchur comhthéacs fíorasach na fógraíochta atá i gceist sna príomhimeachtaí a chur san áireamh.

49 Chuige sin, ar an gcéad dul síos, áitíonn an cosantóir, nach faoin gCúirt atá sé a fhíorú, nach bhféadfadh sé a sheachadadh go réasúnta, ina fhógra, an céatadán cruinn a bhaineann leis an méid cúitimh. Áitíonn an cosantóir, dá bhrí sin, go gcoinníonn oibreoirí córais dáileacháin leictreachais atá bunaithe sa Ghearmáin céatadáin éagsúla uaireanta agus go n-athraíonn siad le himeacht ama,

sa chaoi, dá gcuirfeadh sé tomhaltóirí ar an eolas i bhfíor-am faoi mhéid sonrach céatadáin den sórt sin, go mbeadh air aon athrú ar an ngné sin a iarraidh ar na hoibreoirí sin go léir ar bhonn laethúil. Dar leis an gcosantóir sna príomhimeachtaí, bheadh acmhainní díréireacha ag teastáil lena leithéid de chur chuige.

50 Ar an dara dul síos, is léir ón ordú tarchuir go bhfuil nasc idir an fhógraíocht lena léirítear na tograí taraife arna nginiúint ag an ionsamhlóir taraife agus na coinníollacha ginearálta díolacháin arna gcur i bhfeidhm ag an gcosantóir sna príomhimeachtaí. Sa doiciméad, léiríonn an Coimisiún don tomhaltóir gurb é oibreoir an líonra áitiúil a chinneann an tréimhse oíche a chomhfhreagraíonn do chur i bhfeidhm na taraife laghdaithe agus an céatadán a roghnaíodh i leith mhéid an chúitimh agus gur shocraigh oibreoir an líonra áitiúil an ráta sin ag 25 % don limistéar geografach ina bhfuil a cheannoifig.

51 Is é atá de thoradh ar an méid thuasluaite, i gcomhthéacs fíorasach an chuiridh chun ceannaigh atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach féidir a mheas, faoi réir fíoruithe ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé iad a dhéanamh, go bhfuil ‘easnamh míthreorach’ sa chuireadh sin de réir Airteagal 7(1) agus (4) de Threoir 2005/29, a mhéid a thaispeántar go feiceálach an nasc leis na coinníollacha ginearálta díolacháin, ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcéatadán a roghnaíodh i leith chainníocht an chúitimh, agus go bhfuil glacadh na tairisceana ag an tomhaltóir faoi choinníoll, go teicniúil, ag dearbhú an tomhaltóra go bhfuil sé ar an eolas faoi na coinníollacha sin, agus a áirithíonn ar an gcaoi sin go nglacfaidh an tomhaltóir cinneadh idirbhirt eolach.

52 Ag féachaint do na breithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 7(1) agus (4)(c) de Threoir 2005/29 a léiriú sa chaoi, i gcás cuireadh chun ceannaigh arna dhéanamh trí mhodh cumarsáide tráchtála ar líne, nach gá go mbeadh san fhaisnéis a bhaineann leis an gcaoi a ríomhtar an praghas an céatadán cruinn de chomhpháirt athraitheach amhail méid an chúitimh a chuireann an soláthróir leictreachais i bhfeidhm ar an tomhaltóir lena mbaineann, ionas gur féidir leis an tomhaltóir, a luaithe is eol dó a thomhaltas leictreachais, an praghas sin a ríomh go neamhspleách, ar choinníoll go léirítear san fhógra sin infheidhmeacht an chéatadáin sin i bprionsabal, in éineacht le haon ordú méide agus eilimintí a dhéanann difear dó, rud a chuireann ar chumas an mheántomhaltóra cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

Costais

53 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 7(1) agus (4)(c) de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagóracha’),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás cuireadh chun ceannaigh arna dhéanamh trí mhodh cumarsáide tráchtála ar líne, ní gá go mbeadh san fhaisnéis a bhaineann leis an gcaoi a ríomhtar an praghas an céatadán cruinn de chomhpháirt athraitheach amhail méid an chúitimh a chuireann an soláthróir leictreachais i bhfeidhm ar an tomhaltóir lena mbaineann, ionas gur féidir leis an tomhaltóir, a luaithe is eol dó a thomhaltas leictreachais, an praghas sin a ríomh go neamhspleách, ar choinníoll go léirítear san fhógra sin infheidhmeacht an chéatadáin sin i bprionsabal, in éineacht le haon ordú méide agus eilimintí a dhéanann difear dó, rud a chuireann ar chumas an mheántomhaltóra cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

[Sínithe]